V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11265 – DEUTSCHE BANK / MUNICH RE / WELTEC HOLDING JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 330/02)

1. An 11 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DWS Alternatives Global Limited ('DWS Alternatives', an Ríocht Aontaithe), ar cuid é de DWS Group GmbH & Co. KGaA ('DWS', an Ghearmáin), atá faoi rialú Deutsche Bank AG (an Ghearmáin),

— Münchener Rückversicherungs Gesellschaft Aktiengesellschaft in München ('MunichRe', an Ghearmáin),

— Weltec Holding GmbH ('Weltec', an Ghearmáin), atá faoi rialú Loft Holding GmbH ('an Ghearmáin').

Gheobhaidh DWS Alternatives agus MunichRe rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Weltec ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta é DWS a bhfuil punann leathan infheistíochta aige, lena n-áirítear infheistíochtaí i sócmhainní bonneagair san Eoraip,

— Is cuideachta árachais é MunichRe atá gníomhach i slabhra luacha iomlán na réiteach maidir leis an athárachas, an ghnó árachais dhírigh agus an árachas ar riosca coimhdeach, agus i seirbhísí bainistithe sócmhainní chomh maith (MEAG Munich ERGO AssetManagement GmbH),

— Oibríonn Weltec monarchana bithgháis agus díolann sé a n-aschur, lena n-áirítear bithmheatán, leictreachas, teas agus leasachán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11265 – DEUTSCHE BANK / MUNICH RE / WELTEC HOLDING JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË